Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Aibreán 2026
(OR. en)

7984/26

ECOFIN 416
UEM 127
STATIS 20
*ECB*
*EIB*

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le comhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanann ionadaíocht don Chomhairle a cheapadh (Kirchner) |

1. Bunaíodh an Coiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach (CCSE), le Cinneadh Uimh. 234/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2008. Is é is cuspóir dó cur le dlúthchomhar i bpróiseas pleanála na gclár chun rialachas an Chórais Staidrimh Eorpaigh agus cáilíocht staidrimh an Chomhphobail a fheabhsú.

2. I gcomhréir le hAirteagal 4(b)(ii) den Chinneadh thuasluaite, ceapfaidh an Chomhairle comhalta amháin de CCSE go díreach.

3. D'éirigh an t-ionadaí reatha ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh chuig CCSE, Ylva HEDÉN WESTERDAHL, a bhí sa chéad téarma 5 bliana ó mhí Eanáir 2024, as oifig an 18 Nollaig 2025.

4. Is gá, dá bhrí sin, comhalta nua a cheapadh a dhéanfaidh ionadaíocht don Chomhairle ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige, dar críoch an 10 Feabhra 2029. Ba cheart, dá bhrí sin, an Cinneadh seo a thabhairt i bhfeidhm ar bhonn práinne.

5. An 26 Márta 2026, mhol an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais go gceapfadh an Chomhairle Robert Kirchner ina Chomhalta nua a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gComhairle in CCSE.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a iarraidh ar an gComhairle Cinneadh a ghlacadh maidir leis an gcomhalta den Choiste Comhairleach Staitistiúil Eorpach a dhéanann ionadaíocht ar an gComhairle, mar a leagtar amach in 7986/26 é, a cheapadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.